Nuacht Neachtain

Nollaig 2016

Maranatha – Tar, a Thiarna Íosa

SEÓ na NOLLAG

Beidh Seó na Nollag de chuid Ghaelscoil Neachtain, *Nuacht na Nollag,* a léiriú i Halla Naomh Cainneach, Dé Máirt, 13 Nollaig ar 7.00i.n. £3 an ceann atá ar na ticéid – páistí saor in aisce – agus beidh siad ar díol in oifig na Gaelscoile ón 2.00i.n. An Aoine 9 Nollaig. Tá muid ag tnúth le do theacht. Fáilte roimh achan duine. **IARRTAR AR ACHAN PHAISTE TEACHT CHUIG AN HALLA FAOI 6.45i.n. AR A DHÉANAÍ AGUS IAD GLÉASTA DON SEÓ. BEIDH AN HALLA AR OSCAILT ÓNA 6.30i.n.** Go raibh maith agat. Déanfar DVD den seó. Glacfar le hordaithe don DVD oíche Mháirt ag an seó. £7 atá ar DVD – ní mór an t-airgead a íoc agus ordú a dhéanamh. Go raibh maith agat.

ACHAINÍ NOLLAG NAOMH UINSEANN de PÓL

Déanfaidh na páistí as Ranganna 6/7 bailiúcháin airgid ag Seó na Nollag d'Achainní Naomh Uinseann de Pól. Ba mhór againn do chuid flaithiúlachta. Go raibh maith agat.

MÓRSHIÚL le SOLAS COINNLE

Beidh mórshiúl le solas coinnle ann i nDún Geimhin Dé Sathairn, 10 Nollaig. Imíonn an mórshiúl ón Chrann Nollag ag an Chaisleán ar 7.30i.n. go dtí an carrchlós. Tá ceol a sholáthar ag Cór Eaglais Naomh Pádraig agus Cór na hEaglaise Preispitéireaí. Fáilte roimh achan duine! Iarrtar ort coinneal LED a thabhairt leat.

CHRISTMAS SHOW

Gaelscoil Neachtain will present their Christmas show, *Nuacht na Nollag*, in St. Canice Hall on Tuesday, 13th December at 7.00p.m. Tickets cost £3 – free admission for children - and will be on sale in the school office from 2.00p.m. Friday, 9th December. We look forward to seeing you there. Everyone welcome. **EVERY CHILD IS ASKED TO BE IN THE HALL BY 6.45p.m. AT THE LATEST ON TUESDAY EVENING AND TO BE FULLY DRESSED FOR THE SHOW! THE HALL WILL BE OPEN FROM 6.30p.m.** A DVD will also be made. Orders for the DVD will be taken on Tuesday night at the show. DVDs cost £7 – money must be paid when ordering. Go raibh maith agat.

St. VINCENT de PAUL CHRISTMAS APPEAL

The children from Ranganna 6/7 will take up a collection for the St. Vincent de Paul Christmas Appeal at the Christmas Show. Your generosity will be greatly appreciated. Go raibh maith agat.

CANDLE LIGHT PROCESSION

A candle light procession will take place in Dungiven on Saturday, 10th December. The procession will leave the Christmas tree at the Castle at 7.30p.m. and go to the car park. Music will be provided by St. Patrick's Church Choir and the Presbyterian Church Choirs. Everyone welcome! You are asked to bring a LED candle with you!

AIFREANN 8 NOLLAIG

Tá muid ag tabhairt na bpáistí as R.3 – R.7 ar Aifreann 10.00r.n. in Eaglais Naomh Pádraig fá choinne Féile Ghiniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire. Cuirtear cóta le do pháiste Déardaoin, le do thoil. Go raibh maith agat.

SCÉAL na NOLLAG BEO

Beidh Scéal na Nollag beo ann amach faoin aer sa charrchlós Dún Geimhin, Dé Domhnaigh, 11 Nollaig óna 1.00i.n. Tá a lán grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla páirteach san imeacht Nollag iontach seo. Tá Cór Neachtain a dhul a rá carúil Nollag ar 1.00i.n. **Iarrtar ar achan bhall den chór a bheith sa charrchlós ar 12.45r.n. le do thoil agus éadaí Gaelscoile iomlán a bheith air.** Go raibh maith agat.

SEIRBHÍS CHARÚL GHAELCHOLÁISTE DHOIRE

Tá Seirbhís Charúl a eagrú ag Gaelcholáiste Dhoire Oíche Dé Céadaoin, 14 Nollaig in Eaglais Naomh Pádraig ar 7.00i.n. Fáilte roimh pháistí agus thuismitheoirí Ghaelscoil Neachtain!

DINNÉAR na NOLLAG

Beidh Dinnéar na Nollag ar fáil do na páistí sa bhialann Dé Céadaoin, 14 Nollaig. An gnáthchostas, £2.50, atá ar an dinnéar.

AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ann gach maidin idir 8.15 – 8.45r.n. Fáilte roimh achan pháiste. **Tugtar faoi deara, le do thoil: ní osclaíonn An Club Bricfeasta go dtí 8.15r.n. agus glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40r.n.** Go raibh maith agat.

8th DECEMBER MASS

We are taking the children from R.3 – R.7 to 10.00a.m. Mass in St. Patrick's Church on Thursday, 8th December, for the Feast of the Immaculate Conception. Please send a coat with your child on Thursday. Go raibh maith agat.

LIVE CRIB

An open-air live crib is taking place on Sunday, 11th December, from 1.00p.m. in the car park, Dungiven. Many local groups and organisations are involved in this great Christmas event. Cór Neachtain are going to sing at 1.00p.m. **All members of the choir are asked to be in the car park by 12.45 p.m. please and to wear full school uniform.** Go raibh maith agat.

GAELCHOLÁISTE DHOIRE CAROL SERVICE

Gaelcholáiste Dhoire is organising a Carol Service in St. Patrick's Church, Dungiven, on Wednesday, 14th December, at 7.00p.m. Gaelscoil Neachtain children and parents are very welcome to attend.

CHRISTMAS DINNER

Christmas dinner will be served in the canteen for the children on Wednesday, 14th December. The dinner will be the usual price, £2.50.

BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45a.m. All children are welcome. **Please note: The Breakfast Club does not open until 8.15a.m. and last orders for breakfast are taken at 8.40a.m.** Go raibh maith agat.

BUÍOCHAS LE CAIRDE NEACHTAIN

Thar ceann Bhord na nGobharnóirí, foireann uile na scoile agus na bpáistí, ba mhaith liom aitheantas poiblí a thabhairt agus buíochas a ghabháil le *Cairde Neachtain* as an mhaoiniú agus as an taca praiticiuil a thug siad d'imeachtaí na Gaelscoile ar na mallaibh. *Buíochas ar Leith leis na tuismitheoirí go léir a thug taca praiticiúil don Mhargadh Nollag, Dé Sathairn, 3 Nollaig. – ba mhór again é.* Ár mbuíochas fosta le **achan duine** a chuidigh leis an Ghaelscoil ar dhóigh ar bith le linn an bhliain iontach gnóthach seo. Tá muid go mór faoi chomaoin agaibh go léir.

THANKS TO CAIRDE NEACHTAIN

On behalf of the Board of Governors, all the staff and children, I would like to publicly acknowledge and thank *Cairde Neachtain* for their recent fundraising and for all the practical support they have provided for the Gaelscoil. *Particular thanks to all parents who provided practical help for the Christmas Market on Saturday, 3rd December – it was greatly appreciated.* Our thanks also to **everyone** who has supported the Gaelscoil in any way during this very busy year. We are very much indebted to you all.

CEILÍ na NOLLAG

Chun An Nollaig a cheiliúradh, tá muid ag eagrú céilí teaghlach Dé Luain, 19 Nollaig, i Halla Naomh Cainneach, idir 7.00 – 8.30i.n. Oíche mhór cheoil agus spraoi a bheas ann! Fáilte roimh pháistí, tuismitheoirí, clanna agus cairde. £2.50 an táille – páistí saor in aisce. Scaip an scéal!!

NÍ MÓR DO THUISMITHEOIRÍ FANACHT LEIS NA PÁISTÍ S'ACU LE LINN AN CHÉILÍ. TUGTAR FÁ DEARA LE DO THOIL: AR MHAITHE LE SÁBHÁILTEACHT, BEIDH NA PÁISTÍ GO LÉIR FAOI STIÚRADH na MÚINTEOIRÍ RANGA. GABHAIMID BUÍOCHAS LE TUISMITHEOIRÍ ROIMH RÉ AS BHEITH AG COMHOIBRIÚ LINN.

Beidh an crannchúr ann do chis bhia na Nollag ag an chéilí. Ár mbuíochas le achan duine as ticéid a cheannach agus buíochas speisialta d'achan duine atá ag tabhairt ama chun ticéid a dhíol. Is mór againn go léir é!

CHRISTMAS CÉILÍ

To celebrate Christmas, we are organising a family céilí on Monday, 19th December, in St. Canice Hall between 7.00 – 8.30p.m.. This will be a great night's music and fun! All children, parents, extended families and friends are most welcome. Admission is £2.50 – children free. Spread the word!!

ALL CHILDREN MUST BE ACCOMPANIED BY PARENTS DURING THE CÉILÍ. PLEASE NOTE: IN THE INTERESTS of SAFETY, ALL CHILDREN WILL BE SUPERVISED BY CLASS TEACHERS. WE THANK YOU, IN ANTICIPATION, FOR YOUR CO-OPERATION.

The draw for the Christmas hamper will take place at the céilí. Our thanks to everyone for buying tickets and special thanks to everyone who is taking time to sell tickets. We greatly appreciate it.

COSAINT AN PHÁISTE

Is í Danielle Nic Ailín Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu, le do thoil, láithreach bonn.

CHILD PROTECTION

Danielle Nic Ailín is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, please contact either immediately.

AN CLUB TEICNEOLAÍOCHTA

Rachaidh na páistí as Rang 7 go Coláiste Naomh Pádraig fá choinne seisiún teicneolaíochta, Dé Luain, 12 Nollaig, 1.30 – 2.30i.n. Cúiteamh é an seisiún seo don seisiún chaillte Dé Máirt, 6 Nollaig. Beidh an seisiún deireanach ann Dé Máirt, 13 Nollaig, 3.20 – 4.20i.n.

Ár mbuíochas leis an Uasal Ó Gormliath agus leis an Uasal Ó Labhraí as an taithí fhoghlama seo a sholáthar do pháistí s'againne.

TECHNOLOGY CLUB

The children from Rang 7 will go to St. Patrick's College for a technology session on Monday, 12th December, 1.30 – 2.30p.m. This is to make up for the missed session on Tuesday, 6th December. The last session will take place on Tuesday, 13th December, 3.20 – 4.20p.m.

Our thanks to Mr. Gormley and Mr. Lavery for providing our children with this learning experience.

ORDAITHE d'ÉADAÍ UÍ NÉILL

Is féidir ordaithe Uí Néill a bhailiú ón oifig Ghaelscoile ón Mháirt, 13 Nollaig, ar aghaidh. Ní mór don airgead uilig a bheith íoctha agus tú a bhailiú. Go raibh maith agat.

O NÉILL ORDERS

Ó Neill orders can be collected from the Gaelscoil office from Tuesday, 13th December, onwards. All money must be paid on collection. Go raibh maith agat.

SAOIRE na NOLLAG

Críochnaíonn Gaelscoil Neachtain **Dé Máirt, 20 Nollaig** do shaoire na Nollag. Tá fáilte roimh na páistí a gcuid éadaí féin a chaitheamh ar an lá. **Athosclaíonn Gaelscoil Neachtain do na páistí Déardaoin, 5 Eanáir, 2017.**

Féach thíos, le do thoil, na hamanna a dtéann na páistí abhaile –

Ranganna 1 / 2: 11.40i.n.

MÁ TÁ DEIRFIÚR / DEARTHAIR AG AON PHÁISTE RANGANNA 1 / 2 I RANGANNA EILE, RACHAIDH SIAD ABHAILE LE CHÉILE AG AN AM SEO.

Ranganna 3 – 7: 11.50r.n.

Iarrtar ort cloí leis na hamanna seo, le do thoil, chun tranglam tráchta a sheachaint. Go raibh maith agat.

Tugtar faoi deara, le do thoil: **ní bheidh dinnéir ar fáil ar an Mháirt 20 Nollaig.**

CHRISTMAS HOLIDAY

Gaelscoil Neachtain closes on **Tuesday, 20th December** for the Christmas holiday. Children are welcome to wear their own clothes. **Gaelscoil Neachtain re-opens for the children on Thursday, 5th January, 2017.**

Please see below the times at which children are going home -

Ranganna 1 / 2: 11.40a.m.

IF RANGANNA 1 / 2 CHILDREN HAVE SIBLINGS IN OTHER CLASSES, THEY WILL ALL GO HOME TOGETHER AT THIS TIME.

Ranganna 3 – 7: 11.50a.m.

You are asked to adhere to these times, please, to avoid a traffic jam. Go raibh maith agat.

Please note: dinner will not be served on Tuesday, 20th December.